Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0118(NLE)**
**2023/0019(NLE)**
**2023/0117(NLE)**

**9762/23**
**ADD 1**

**LIMITE**

**PECHE 207**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | 1. Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i dtaca le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023 2027)<br>– Glacadh<br>2. Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i dtaca le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023 2027)<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>3. Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar<br>– Glacadh<br>– Ráitis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí ráitis ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

PUBLIC

**Ráitis ón gCoimisiún**

**Maidir leis an gCinneadh ón gComhairle i dtaca le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) le Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023-2027)** (ráiteas le cur le miontuairiscí Coreper agus na Comhairle araon, tráth a ghlactha)

Lena breithiúnas i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir go dtagann cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích go hiomlán faoi réim raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích) agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi réim raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.

I ndáil leis na Cinntí maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, chomh maith le tabhairt i gcrích, Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023 2027), is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.

**Maidir leis an gCinneadh ón gComhairle i dtaca le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) le Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023-2027)** (ráitis le cur le miontuairiscí Coreper agus na Comhairle araon, tráth a nglactha)

Ráiteas 1

An Cinneadh i dtaca le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme, measann an Coimisiún gur cheart tagairt a bheith ann don té atá ainmnithe ag an idirbheartaí le bheith ar an duine a dtugtar de chumhacht dó an síniú a dhéanamh. Dá bhrí sin, na hathruithe lena ndéantar foráil maidir le hainmniú an duine ag Uachtarán na Comhairle atá leis an gcomhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, níl siad i gcomhréir leis na Conarthaí.

Na gníomhartha ionadaíochta seachtraí uile a dhéantar agus conradh á dhéanamh, lena n-áirítear comhaontú idirnáisiúnta a shíniú agus fógra a thabhairt ina dhiaidh sin maidir leis an toiliú a bheith faoina cheangal, tá siad ina sainphribhléidí institiúideacha de chuid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE, seachas na gníomhartha sin a bhaineann le comhaontuithe a thagann go heisiach nó den chuid is mó faoi chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, nuair is é an tArdionadaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Aontais go seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 27(2) CAE. Gan dochar don eisceacht sin, nuair a dhéanann an Coimisiún agus gníomhaí eile arna ainmniú ag an gComhairle, comhaontú idirnáisiúnta a chomhshíniú thar ceann an Aontais, is é síniú an Choimisiúin amháin a thugann gealltanas ón Aontas.

Chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht maidir le cleachtais chomhsheasmhacha ag institiúidí an Aontais nach bhfuil i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, ‘nach féidir leis na cleachtais sin rialacha na gConarthaí a athrú, ar rialacha iad a bhfuil sé d’oibleagáid ar na hinstitiúidí a urramú’ (Cás C-687/15 an Coimisiún v an Chomhairle, AE:C:2017:803, mír 42).

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.”

Ráiteas 2

Lena breithiúnas i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir go dtagann cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích go hiomlán faoi réim raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích) agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi réim raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.



PUBLIC

I ndáil leis na Cinntí maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, chomh maith le tabhairt i gcrích, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023 2027), is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.

PUBLIC